**AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS**
**DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY**

# Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama 2014-2020
# Ciste Sóisialta na hEorpa

## Glaoch ar Thairiscintí

## Lánpháirtiú agus Fostú Imirceach
## Comhionannas Inscne

Tá Glaoch ar Thairiscintí fógartha ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag lorg iarratas ó eagraíochtaí cáilithe ar mhaoiniú tionscadal a bhaineann le **Lánpháirtiú agus Fostú Imirceach** agus Comhionannas Inscne faoi Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa d'Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Is é an aidhm atá leis na tionscadail dar teideal Lánpháirtiú agus Fostú Imirceach ná go mbeadh seans níos fearr ar fhostaíocht dá mbarr ag imircigh atá ina gcónaí go dleathach sa tír ach a bhfuil laincisí rannpháirtíochta agus fostaíochta orthu.

Tá maoiniú do na tionscadail ar **Chomhionannas Inscne** roinnte in dhá shnáithe:-
- Is é is aidhm le *Mná ag Filleadh ar an bhFórsa Saothair* ná cur le hinfhostaitheacht ban atá scoite amach ón margadh saothair.
- Tacú le fiontraithe mná an aidhm atá le *Fiontraíocht i measc na mBan.*

Is féidir le Comhlachtaí Poiblí, Príobháideacha agus Deonacha iarratas a dhéanamh air. Ba cheart go mairfeadh tionscadail a mhaoinítear 1 bhliain amháin ar a laghad agus 3 bliana ar a mhéad (Comhionannas Inscne) agus 4 bliana ar a mhéad (Lánpháirtiú agus Fostú Imirceach).

Chun tuilleadh eolais agus sonraí a fháil ar an mbealach le hiarratas a dhéanamh, téigh chuig www.eufunding.justice.ie.

**12 meán lae, Déardaoin, an 3 Samhain** 2016 an dáta deireanach a nglacfar le hiarratais ar mhaoiniú Lánpháirtiú agus Fostú Imirceach.

**12 meán lae, Dé Máirt, an 8 Samhain 2016** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ar mhaoiniú Comhionannas Inscne.

Ní bhreithneofar iarratais a gheofar ina dhiaidh sin.

**Tá an Glaoch seo ar Thairiscintí páirtmhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hÉireann mar chuid den Chlár ESF maidir le hInfhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020**

**Cláir na hÉireann um Chistí Struchtúrtha an AE, 2014-2020**
**An tAontas Eorpach**
**Ag Infheistiú i do Chiste Sóisialta Eorpach don am amach anseo**

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014 - 2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

**European Union**
Investing your future
**European Social Fund**

Seachtain 20X3 (126)